www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

# Stair

Aonad Measúnaithe AS 1

AH111

## [AH111]
## DÉ CÉADAOIN 17 BEALTAINE, IARNÓIN

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt ar an ábhar chuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt cheist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh na hathruithe a bhí ar gheilleagar Weimar idir 1919 agus Cliseadh Wall Street, Deireadh Fómhair 1929. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an dóigh ar bhain réimeas na Naitsithe úsáid as na healaíona agus as na meáin mar mhodh rialaithe sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Polasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach, 1933–1945**

**Foinse 1**
Sliocht as dialann Joseph Goebbels, 1 Aibreán 1933. Bhí Goebbels ina cheannaire Naitsíoch ar chúrsaí bolscaireachta.

> Bhí baghcat na siopaí Giúdacha, na n-earraí Giúdacha, na ndochtúirí Giúdacha agus na ndlíodóirí Giúdacha faoi lán seoil i mBeirlín agus sa Reich trí chéile. Thiomáin mé trí shráideanna Bheirlín le súil a chaitheamh ar chúrsaí. Bhí gnólachtaí uilig na nGiúdach druidte. Bhí fir an SA ar dualgas taobh amuigh dá ndoirse. Thug an pobal go léir i ngach áit a dtacaíocht don bhaghcat. Bhí an smacht foirfe agus is agóid shíochánta a bhí ann. San iarnóin mháirseáil 150 000 oibrí trí shráideanna Bheirlín lena dtacaíocht don agóid a léiriú. Bhí an baghcat ina ollbhua morálta don Ghearmáin. Thaispeáin muid don domhan gur féidir linn gairm ar an náisiún go léir gan clampar ar bith a bheith ann. Is de réir cinneadh dár gcuid féin a thiocfaidh deireadh leis an bhaghcat ar uair an mheán oíche.

www.xtrapapers.com

**Foinse 2**
Sliocht as miontuairiscí Chomhdháil Wannsee, 20 Eanáir 1942. Bhuail Reinhard Heydrich, príomhcheannaire na bpóilíní slándála agus an SS le roinnt oifigeach Naitsíoch ag *villa* in Wannsee, bruachbhaile i mBeirlín.

> Cuireadh tús leis an chruinniú le fógra Heydrich gur tugadh an fhreagracht dó maidir leis an "Réiteach Dheireanach" ar cheist na nGiúdach san Eoraip a ullmhú. Le réamhúdarú cuí ón *Führer*, is é a bheadh i gceist leis ná aslonnú na nGiúdach go dtí an tOirthear.

**Foinse 3**
Sliocht as alt le Lisa Pine dar teideal "*The Persecution of the Jews*", arna fhoilsiú in 2000.

> Nuair a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda le hionradh na Gearmáine ar an Pholainn, Meán Fómhair 1939, bhailigh próiseas radacaithe pholasaí frith-Sheimíteach na Naitsithe neart. Tháinig athrú ar cheist na nGiúdach mar gheall ar an chogadh féin agus ar ghabháil na Polainne. Bhí trí mhilliún Giúdach sa bhreis ón Pholainn faoi smacht na Naitsithe anois. Cuireadh geiteonna Giúdacha ar bun agus tugadh obair éigeantais isteach sa Pholainn. Nuair a rinne na Naitsithe ionradh ar an Aontas Shóivéadach i Meitheamh na bliana 1941, bhí gné úr eile ann anois le ceist na nGiúdach. Tharla seo i bhfoirm ordú don *Einsatzgruppen* (aonaid mharaithe shoghluaiste an SS), a lean arm na Gearmáine agus é ag déanamh ionradh ar an Aontas Shóivéadach, le Giúdaigh na Rúise a mharú ar ollscála. Bhí Comhdháil Wannsee ar siúl Eanáir 1942. Is ceart a rá nár shonraigh an chomhdháil seo an tús le cinedhíothú an phobail Ghiúdaigh. Ina áit sin, ba é an cuspóir a bhí léi ná polasaí an díothaithe a bhí ar siúl cheana féin a chomhordú agus an éifeachtúlacht lenar cuireadh an "Réiteach Deireanach" i bhfeidhm a uasmhéadú.

© *The Persecution of the Jews by Lisa Pine. Published in 2000.*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1.** Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar bhaghcat frith-Ghiúdach na Naitsithe sa Ghearmáin 1 Aibreán 1933? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas arbh é briseadh amach an chogaidh in 1939 an cor cinniúnach ba thábhachtaí i bhforbairt pholasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach sa tréimhse 1933–1945. [35]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.